Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/2129(DEC)

24.1.2024

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021, Roinn III – an Coimisiún (2023/2129(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Tomáš Zdechovský

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt Iniúchóirí (‘an Chúirt’) iniúchadh ar réimsí caiteachais a chuimsíonn beartais éagsúla a bhaineann leis an imirce agus bainistiú teorainneacha (ceannteideal 4) agus slándáil agus cosaint (ceannteideal 5);

2. ag tabhairt dá haire, maidir le hiniúchadh ar réimsí caiteachais a bhaineann leis an imirce agus bainistiú teorainneacha, beartais slándála agus chosanta, gur scrúdaigh an Chúirt sampla de 23 idirbheart, faoi cheannteidil 4 agus 5 CAI; ag cur sonrú i míniú na Cúirte nár ceapadh raon feidhme an iniúchta le bheith ionadaíoch do na ceannteidil sin, ach gur rannchuidigh sé lena ráiteas dearbhaithe mar sin féin; á athdhearbhú gur iarr an Pharlaimint go ndéanfaí an t-iniúchadh ar bhealach lena bhféadfaí an leibhéal measta earráide a ríomh;

3. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go raibh earráidí inchainníochtaithe in 11 de na 23 idirbheart a scrúdaigh an Chúirt agus go raibh tionchar airgeadais ag na hearráidí sin ar na méideanna a gearradh ar bhuiséad an Aontais; á thabhairt chun suntais go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag cásanna den sórt sin ar chlú;

4. ag tabhairt dá haire, in 2022, gur chuir na Ballstáit dlús le cur chun feidhme a gclár náisiúnta. á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach bhfuil méideanna suntasacha fós eisíoctha don Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) (26 %) agus don Chiste Slándála Inmheánaí (CSI) (33 %), ag aithint idir an dá linn nach mór cistiú do 2014-2020 a chaitheamh faoi mhí an Mheithimh 2024; ag tathant ar an gCoimisiún dlús a chur lena iarrachtaí chun cabhrú leis na Ballstáit a gcláir náisiúnta faoi seach a chur chun feidhme go héifeachtach;

5. ag tabhairt dá haire nár bhain an Coimisiún leas as a shainchumais iomlána, mar chaomhnóir na gconarthaí, chun a áirithiú go nglacfar leis an Rómáin agus leis an mBulgáir isteach in Schengen, cé go bhfuil na coinníollacha uile le bheith ina gcomhaltaí iomlána de limistéar Schengen á gcomhlíonadh ag an dá thír ó 2011 i leith;

6. á chur in iúl gur oth léi cleachtas an Choimisiúin gan ach méid an-teoranta faisnéise a chur ar fáil don Pharlaimint go minic maidir le cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún a bheith níos réamhghníomhaí ó thaobh an staidreamh sin a fhoilsiú d’fhonn a chruthú go bhfuil beartais riachtanach agus comhréireach chun a gcuspóir a bhaint amach;

7. á thabhairt dá haire na gníomhaíochtaí prasa a rinne AS HOME tar éis ionsaí na Rúise, go háirithe dréachtú tráthúil cinnidh maidir le gníomhachtú na Treorach um Chosaint Shealadach den chéad uair;

8. ag tabhairt dá haire go bhfuil méadú ag teacht i gcónaí ar líon na n-imirceach gan doiciméid ag na teorainneacha seachtracha i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin; á thabhairt dá haire na gníomhaíochtaí a rinne AS HOME ar thaobh amháin chun

comhpháirtíochtaí a chruthú i gcoinne líonraí gáinneála ar dhaoine, chun tacú leis na Ballstáit athlonnú agus sásraí aistrithe eile a chur i gcrích, chun feabhas a chur ar nósanna imeachta tearmainn agus fillte tapa agus éifeachtúla, amhail na nósanna imeachta sin a bhaineann le beartas víosaí an Aontais agus le comhar déthaobhach, agus ar an taobh eile, gníomhaíochtaí chun beartais lánpháirtíochta a chur chun cinn do náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de bheith ag obair i dtreo straitéis maidir le filleadh níos éifeachtaí i gcomhréir iomlán leis an gCairt um Chearta Bunúsacha agus cearta an duine dóibh siúd a thagann isteach san Aontas; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, leanúint dá chomhar seachtrach maidir le himirce agus tearmann a leathnú agus aird chuí á tabhairt ar Airteagal 218 CFAE, chomh maith le beartais lánpháirtíochta a chur chun cinn do náisiúnaigh neamh-AE atá ina gcónaí go dleathach, le tacaíocht ó AMIF;

9. ag tathant ar an gCoimisiún trédhearcacht agus cuntasacht a mhéadú maidir le clársceidealú agus cur chun feidhme cistí Gnóthaí Baile i dtríú tíortha, agus cistiú NDICI, amhail i dtíortha amhail an Túinéis agus an Libia; á iarraidh ar an gCoimisiún forléargas a bheidh ar fáil go poiblí ar an gcaiteachas uile a bhaineann leis an imirce i dtríú tíortha a ghiniúint, agus ag tathant go ndéanfaí measúnuithe tionchair ex ante ar chearta an duine ar chaiteachas a bhaineann leis an imirce i dtríú tíortha, agus na measúnuithe sin a roinnt leis an bParlaimint i gcás ina gceanglaítear sin le rialacha;

10. á aithint go dtacaíonn AS JUST go leanúnach le beartas an Choimisiúin maidir leis an smacht reachta san Aontas a chaomhnú, go háirithe an t-eagrán bliantúil den Scórchlár Ceartais agus an tríú Tuarascáil Bhliantúil ar an Smacht Reachta, ina raibh moltaí do na Ballstáit den chéad uair; ag moladh don Choimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an obair leantach éifeachtach ar mholtaí a chuirtear ar fáil do na Ballstáit lena mbaineann, agus gníomhaíocht a dhéanamh i gcás nach nglacfar bearta leordhóthanacha ar an leibhéal náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní atá ann cheana;

11. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, Tuarascáil Speisialta an Ombudsman Eorpaigh maidir leis an méid ama a ghlacann an Coimisiún chun déileáil le hiarrataí ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid, inar leagadh amach nach ndéileálann an Coimisiún le hiarratais daingniúcháin i 85 % de na cásanna laistigh de na teorainneacha ama dlíthiúla; á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt go práinneach ar an ábhar sin agus Rialachán 1049/2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid a chomhlíonadh, ar réamhchoinníoll ríthábhachtach é le haghaidh trédhearcachta agus muinín an phobail as an gCoimisiún; á mheabhrú gur thathantaigh an tOmbudsman ar an gCoimisiún in 2022 déileáil le hiarrataí ar rochtain ar dhoiciméid a bhaineann le cistí téarnaimh AE ar bhealach níos comhsheasmhaí agus míniú níos fearr a thabhairt ar a réasúnú má chinneann sé gan an fhaisnéis a iarradh[1] a scaoileadh agus gur thionscain an tOmbudsman fiosrúchán maidir le diúltú an Choimisiúin rochtain phoiblí a thabhairt ar dhoiciméid a bhaineann lena thogra le haghaidh Rialachán maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte[2];

12. á chur in iúl gur oth léi go mór an easpa beart forfheidhmiúcháin ón gCoimisiún agus an obair leantach reachtach ar mholadh na Parlaiminte, lena n-áirítear maidir le moladh an 15 Meitheamh 2023 don Chomhairle agus don Choimisiún tar éis imscrúdú a dhéanamh

[1] https://www.ombudsman.europa.eu/ga/news-document/en/163567
[2] https://www.ombudsman.europa.eu/ga/case/ga/62762

ar sháruithe agus drochriarachán líomhnaithe i gcur i bhfeidhm dhlí an Aontais i ndáil le húsáid Pegasus agus earraí spiaireachta faireachais coibhéiseacha; á iarraidh ar an gCoimisiún prionsabal an chomhair dhílis idir institiúidí an Aontais a urramú, agus na hoibleagáidí a leagtar amach sa Chreat-Chomhaontú agus sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr a chomhlíonadh;

13. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an méid a tháinig chun solais maidir le coinbhleachtaí leasa a bhaineann le hoifigigh ardleibhéil an Choimisiúin agus úsáid feachtais fógraíochta X a bhaineann leis an rialachán maidir le Drochúsáid Ghnéasach Leanaí; á iarraidh ar an gCoimisiún na doiciméid uile arna n-iarraidh ag an bParlaimint a fhoilsiú agus trédhearcacht iomlán a léiriú maidir leis an gcás sin;

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	23.1.2024
Toradh na vótála críochnaithí	+: 42 –: 13 0: 1
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Katarina Barley, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Jorge Buxadé Villalba, Damien Carême, Patricia Chagnon, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Cornelia Ernst, Nicolaus Fest, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in ‘t Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Erik Marquardt, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Diana Riba i Giner, Isabel Santos, Birgit Sippel, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Jana Toom, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Elena Yoncheva, Javier Zarzalejos
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Cyrus Engerer, José Gusmão, Beata Kempa, Leopoldo López Gil, Janina Ochojska, Anne-Sophie Pelletier, Bergur Løkke Rasmussen, Róża Thun und Hohenstein, Maria Walsh, Tomáš Zdechovský
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Andrus Ansip, Hildegard Bentele, Maria da Graça Carvalho, Marisa Matias, Caroline Nagtegaal

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

The rapporteur declares under his exclusive responsibility that he did not receive input from any entity or person to be mentioned in this Annex pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure.

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

42	+
PPE	Magdalena Adamowicz, Hildegard Bentele, Maria da Graça Carvalho, Lena Düpont, Andrzej Halicki, Jeroen Lenaers, Leopoldo López Gil, Janina Ochojska, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Maria Walsh, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
Renew	Abir Al-Sahlani, Andrus Ansip, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Moritz Körner, Caroline Nagtegaal, Maite Pagazaurtundúa, Bergur Løkke Rasmussen, Róża Thun und Hohenstein, Jana Toom
S&D	Katarina Barley, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Cyrus Engerer, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Marina Kaljurand, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Isabel Santos, Birgit Sippel, Elena Yoncheva
Verts/ALE	Saskia Bricmont, Damien Carême, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Diana Riba i Giner, Tineke Strik

13	-
ECR	Jorge Buxadé Villalba, Patryk Jaki, Assita Kanko, Beata Kempa, Vincenzo Sofo
ID	Patricia Chagnon, Nicolaus Fest, Tom Vandendriessche
NI	Milan Uhrík
The Left	Cornelia Ernst, José Gusmão, Marisa Matias, Anne-Sophie Pelletier

1	0
Verts/ALE	Patrick Breyer

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh